An Rialálaí Carthanas

Charities Regulator

Treoirlínte d'Eagraíochtaí Carthanúla maidir le Cruinniú Airgid ón bPobal



Tá na Treoirlínte seo á n-eisiúint ag an Rialálaí Carthanas de bhun alt 14(1)(i) den Acht Carthanas 2009 ar mhaithe le feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla (carthanais) a spreagadh agus a éascú.

Maidir leis an Rialálaí Carthanas

Bunaíodh an Rialálaí Carthanas i mí Dheireadh Fómhair 2014 mar údarás reachtúil neamhspleách de chuid na hÉireann le haghaidh iontaobhais charthanúla agus eagraíochtaí carthanúla (carthanais) a rialáil agus a chosaint. Is iad seo a leanas na feidhmeanna ginearálta atá ag an Rialálaí Carthanas faoin Acht Carthanas 2009:

- **iontaoibh agus muinín an phobail as bainistiú agus riaradh iontaobhas carthanúil agus eagraíochtaí carthanúla a mhéadú;**
- **comhlíonadh a ndualgas ag iontaobhaithe carthanas a chur chun cinn i rialú agus bainistiú iontaobhas carthanúil agus eagraíochtaí carthanúla;**
- **úsáid éifeachtach maoine iontaobhas carthanúil nó eagraíochtaí carthanúla a chur chun cinn;**
- **cuntasacht eagraíochtaí carthanúla do dheontóirí agus do thairbhithe bronntanas carthanúil, agus don phobal, a chinntiú;**
- **tuiscint a chur chun cinn ar an gceanglas gur chun leas an phobail a bheidh aidhmeanna carthanúla;**
- **clár d'eagraíochtaí carthanúla a bhunú agus a chothabháil;**
- **comhlíonadh an Achta seo ag eagraíochtaí carthanúla a chinntiú, agus faireachán a dhéanamh ar an gcéanna;**
- **imscrúduithe a dhéanamh de réir an Achta seo;**
- **feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú trí fhaisnéis nó comhairle a sholáthar, lena n-áirítear go háirithe ar mhodh treoirlínte, cód cleachtais agus doiciméad bunreachtúil eiseamláireach a eisiúint (nó, de réir mar is cuí leis, a cheadú);**
- **cibé gníomhaíochtaí a sheoladh nó cibé faisnéis (lena náirítear faisnéis staidrimh) a fhoilsiú a bhaineann le heagraíochtaí carthanúla agus iontaobhais charthanúla agus is cuí leis;**
- **faisnéis (lena n-áirítear faisnéis staidrimh) nó comhairle a sholáthar don Aire, nó tograí a chur faoina bhráid nó faoina bráid, maidir le hábhair a bhaineann le feidhmeanna an Rialálaí.**

Is é atá i gceist lenár Misean:

An earnáil carthanas a rialáil chun leas an phobail d'fhonn comhlíonadh an dlí a chinntiú agus d'fhonn tacú leis an dea-chleachtas i rialachas, i mbainistíocht agus i riarachán carthanas.

Is é atá i gceist lenár bhFís:

Earnáil carthanas atá beoga, a bhfuil iontaoibh aisti agus a bhfuil meas uirthi mar gheall ar an leas pobail a chuireann sí ar fáil.

Is é atá i gceist lenár Luachanna:

COMHRÉIREACHT

Aithnímid an éagsúlacht ó thaobh méide agus acmhainne de atá ann i measc na n-eagraíochtaí a ndéanaimid rialáil orthu. Déanaimid rialáil ar bhealach comhréireach agus dírímid na hacmhainní atá ar fáil dúinn ar na réimsí lena mbaineann an riosca is mó.

OSCAILTEACHT

Glacaimid cur chuige oscailte agus trédhearcach i leith ár gcuid oibre. Cuirimid faisnéis ar fáil faoin dóigh a n-oibrímid agus faoin earnáil a ndéanaimid rialáil uirthi.



FOGHLAIM

Bíonn ár ngníomhartha agus ár gcinntí bunaithe ar fhianaise agus bíonn siad leabaithe i gcultúr foghlama. Bímid ag lorg bealaí i gcónaí chun feabhas a chur ar an dóigh a ndéanaimid ár gcuid oibre agus féachaimid le bheith údarásach inár réimse.

COTHROIME

Oibrímid go cothrom agus go neamhchlaon. Cuirimid ár nósanna imeachta i bhfeidhm go comhsheasmhach agus tugaimid údar lenár ngníomhartha agus lenár gcinntí.

NEAMHSPLEÁCHAS

Déanaimid cinntí go neamhspleách agus chun leas an phobail. Seasaimid lenár ngníomhartha agus lenár gcinntí agus glacaimid freagracht astu.

CAIDREAMH

Déanaimid cumarsáid lenár leas-sealbhóirí agus éistimid leo. Féachaimid le saincheisteanna rialála a chuireann imní orthu a réamh-mheas agus le dul i ngleic leis na saincheisteanna sin.

Clár Ábhair

Cuid 1	Cúlra agus Réamhrá	5
Cuid 2	Cé hiad na daoine ar cheart dóibh na Treoirlínte seo a léamh?	6
Cuid 3	Prionsabail	7
Cuid 4	Deontóirí agus Tabhartais	8
Cuid 5	Na Freagrachtaí atá ar Iontaobhaithe Carthanais	10
Cuid 6	Na Freagrachtaí atá ar an Lucht Bainistíochta	11
Cuid 7	Na Freagrachtaí atá ar Chruinnitheoirí Airgid	12
Cuid 8	Cosaint Sonraí	13
Cuid 9	Trédhearcacht agus Cuntasacht Airgeadais	15
Cuid 10	Faireachán	16
Aguisín	Pointí Tagartha Úsáideacha	17

1 Cúlra agus Réamhrá

Foinse riachtanach luachmhar ioncaim do chuid mhór carthanas is ea cruinniú airgid ón bpobal.

Tá sé ríthábhachtach, áfach, go gcuirfidh carthanais gach gníomhaíocht cruinnithe airgid ón bpobal i gcrích ar bhealach oscailte, trédhearcach, macánta, measúil agus cuntasach. Ba cheart creat dlíthiúil cuí a bheith taobh thiar de chruinniú airgid i ngach cás. Nuair a fheidhmítear gníomhaíochtaí cruinnithe airgid ar bhealach atá bunaithe ar lúba ar lár a bhraitear a bheith ann sa dlí, is amhlaidh go dtéitear i mbaol damáiste a dhéanamh do cháil an charthanais agus do cháil na hearnála i gcoitinne.

Tá na Treoirlínte seo bunaithe ar an doiciméad *Statement of Guiding Principles on Charitable Fundraising* a foilsíodh sa bhliain 2008. Agus na Treoirlínte seo á n-ullmhú, fuarthas ionchur ón bPainéal Comhairleach ar Chruinniú Airgid Carthanúil a chuir an Rialálaí Carthanas ar bun sa bhliain 2016 ar iarraidh ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Baineadh leas as taighde fianaisebhunaithe agus reáchtáladh comhairliúchán poiblí i bhFómhar na bliana 2016 chun bonn eolais a chur faoi na Treoirlínte freisin.

Tá an Rialálaí Carthanas ag súil leis go gcruinneoidh carthanais airgead ar bhealach a thugann cosaint do cháil an charthanais lena mbaineann agus a spreagann iontaoibh agus muinín an phobail as an gcarthanas agus as carthanais i gcoitinne. Áirítear leis sin cloí leis an dlí agus le caighdeáin aitheanta, an carthanas a chosaint ar bhaol míchuí agus meas a léiriú ar thairbhithe, ar dheontóirí agus ar an bpobal. Is é is aidhm do na Treoirlínte seo cúnamh a thabhairt d'iontaobhaithe carthanais an carthanas a reáchtáil go héifeachtach, deacrachtaí a sheachaint i ndáil le gníomhaíochtaí cruinnithe airgid agus na dualgais dhlíthiúla atá orthu a chomhlíonadh.

Ní ionann méid ná gníomhaíochtaí do gach carthanas. Ba cheart d'iontaobhaithe breithniú agus cinneadh a dhéanamh ar an dóigh is fearr chun na Treoirlínte seo a chur i bhfeidhm maidir le cúinsí sonracha a gcarthanais féin. Ceanglaíonn an Rialálaí Carthanas ar na hiontaobhaithe de chuid gach carthanais chláraithe in Éirinn míniú a thabhairt ar an gcur chuige a ghlacann siad i leith cruinniú airgid ón bpobal agus údar a thabhairt leis an gcur chuige sin, go háirithe i gcás go gcinnfidh siad gan an dea-chleachtas atá leagtha amach sna Treoirlínte seo a leanúint.

2 Cé hiad na daoine ar cheart dóibh na Treoirlínte seo a léamh?

Is ar iontaobhaithe carthanais atá an fhreagracht fhoriomlán as a gcarthanas, lena n-áirítear gníomhaíochtaí cruinnithe airgid an charthanais.

Bíonn ról tábhachtach le himirt acu maidir lena shocrú cén cur chuige a ghlacfaidh an carthanas i leith cruinniú airgid agus maidir lena chinntiú go gcuirfear an cur chuige sin chun feidhme sa chleachtas. Aithníonn an Rialálaí Carthanas na héilimh a leagtar ar iontaobhaithe agus na dúshláin a bhíonn le sárú acu maidir le cruinniú airgid a sheoladh i gceart. Is é is aidhm do na Treoirlínte seo tacú leo a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Ba cheart iad a léamh i gcomhar lenár dTreoirlínte maidir leis na dualgais atá ar iontaobhaithe carthanais agus maidir le rialuithe inmheánacha airgeadais.

Ba cheart d'iontaobhaithe a chinntiú gurb amhlaidh, maidir le gach duine ina gcarthanas atá ag gabháil do chruinniú airgid, go gcuirfidh siad na cineálacha cur chuige agus na cleachtais atá leagtha amach sna Treoirlínte seo chun feidhme.

Tá feidhm ag na Treoirlínte seo maidir le gach cineál cruinnithe airgid ón bpobal a sheoltar chun tairbhe do charthanais agus dá dtairbhithe. Tá feidhm acu i ngach cás, is cuma cé acu:

- atá cruinniú airgid ón bpobal ina ghné bheag nó ina ghné mhór den chur chuige a ghlacann an carthanas i leith airgead a chruinniú; nó
- atá an cruinniú airgid á sheoladh ag an gcarthanas, ag fochuideachta atá ag trádáil thar ceann an charthanais, ag duine eile nó ag eagraíocht eile atá ag gníomhú thar ceann an charthanais nó ag duine nó ag eagraíocht atá ag úsáid ainm an charthanais chun críocha fógraíochta.

Ba cheart d'iontaobhaithe a chinntiú gurb amhlaidh, maidir le gach duine ina gcarthanas atá ag gabháil do chruinniú airgid, go gcuirfidh siad na cineálacha cur chuige agus na cleachtais atá leagtha amach sna Treoirlínte seo chun feidhme. Áirítear leo sin an lucht ardbhainistíochta, baill foirne, stiúrthóirí cuideachta, oibrithe deonacha agus aon chruinnitheoirí airgid gairmiúla.

Is féidir le deontóirí, le deontóirí féideartha agus le daoine den phobal na Treoirlínte a úsáid freisin chun a chinntiú go mbeidh siad ar an eolas faoin scéal sula dtabharfaidh siad airgead.

'Ní mór' agus **'ba cheart'**: an chiall atá leo

Sna Treoirlínte seo -

baineann an téarma **'ní mór'** le rud ar ceanglas dlíthiúil nó rialála é nó le dualgas nach mór d'iontaobhaithe é a chomhlíonadh, agus

baineann an téarma **'ba cheart'** le rud ar dea-chleachtas é agus a bhfuil an Rialálaí Carthanas ag súil leis go leanfaidh iontaobhaithe é agus go gcuirfidh siad chun feidhme é laistigh dá gcarthanas.

3 Prionsabail

Is é ceann d'fheidhmeanna an Rialálaí Carthanas faoin Acht Carthanas 2009 ná cuntasacht gach carthanais dá dheontóirí, dá thairbhithe agus don phobal a chinntiú.

Chuige sin, ba cheart d'iontaobhaithe carthanais a chinntiú go mbeidh Cairt Deontóirí i bhfeidhm ag a gcarthanas, rud ar cheart na gealltanais atá leagtha amach thíos a bheith ar áireamh ann agus ar cheart é a chur ar fáil go poiblí. Féadfaidh an carthanas na gealltanais sin a fhorbairt tuilleadh i gcomhréir lena mhisean agus lena chuspóir, de réir mar is cuí.

Meas

- Tabharfar meas ar chearta agus ar dhínit deontóirí, tairbhithe agus an phobail le linn gach gníomhaíochta cruinnithe airgid.
- Ní bheidh gníomhaíochtaí cruinnithe airgid tuineanta go míréasúnach, ní chuirfidh siad isteach ar dhaoine ná ní chuirfidh siad brú míchuí ar dhaoine airgead a thabhairt. Más rud é nach mian le duine airgead a thabhairt, nó gur mian leis scor d'airgead a thabhairt, tabharfar meas ar an gcinneadh sin.
- Ní chuirfear tairbhithe i láthair ar bhealach dímheasúil i ngníomhaíochtaí cur chun cinn agus, nuair is féidir agus nuair is cuí, féadfaidh cliaint agus tairbhithe ionchur a sholáthar i straitéisí cur chun cinn an charthanais.

Macántacht agus Ionracas

- Cuirfear cruinniú airgid i gcrích ar bhealach macánta ionraic.
- Gníomhóidh cruinnitheoirí airgid go hionraic agus ní thabharfaidh siad míléiriú ar an gcarthanas, ar an ngá atá aige le cistí ná ar an dóigh a n-úsáidfear na cistí sin.
- Tabharfar freagra macánta tráthúil ar cheisteanna faoi ghníomhaíochtaí cruinnithe airgid agus faoi chostais chruinnithe airgid.
- Cuirfear faisnéis faoi chuspóir carthanúil agus faoi ghníomhaíochtaí carthanúla an charthanais ar fáil go forleathan.
- Úsáidfear tabhartais agus bronntanais charthanúla chun na gcríoch ar chucu a tugadh iad.

Trédhearcacht agus Cuntasacht

- Glacfaidh an carthanas freagracht as a ghníomhartha agus beidh sé in ann na gníomhartha sin a mhíniú agus a shoiléiriú agus údar a thabhairt leo.
- Tabharfaidh iontaobhaithe agus lucht bainistíochta an charthanais míniú do dheontóirí agus don phobal i leith ghníomhartha an charthanais.
- Oibreoidh an carthanas ar bhealach oscailte agus macánta agus cinnteoidh sé go mbeidh a chuid idirbheart, oibríochtaí, faisnéise agus cumarsáidí sothuigthe ag deontóirí agus ag an bpobal araon.
- Sainaithneoidh an carthanas go soiléir do dheontóirí agus don phobal cén chúis ar a bhfuil an cruinniú airgid dírithe agus cén dóigh a bhfuil tabhartais á n-úsáid agus cén dóigh a n-úsáidfear iad.
- Soláthróidh an carthanas bealaí inar féidir le daoine ar spéis leo a chuid oibre teagmháil éasca a dhéanamh leis an gcarthanas.
- Beidh nós imeachta i bhfeidhm ag an gcarthanas chun aghaidh a thabhairt ar ghearáin.

4 Deontóirí agus Tabhartais

I dteannta na gcroíphrionsabal atá leagtha amach i gcuid 3, ba cheart d'iontaobhaithe carthanais a chinntiú go gcuirfidh an carthanas beartais, nósanna imeachta agus coimircí atá cuí chun feidhme i ndáil leis na hábhair atá leagtha amach thíos agus go gcloífidh an carthanas leis na nithe sin i gcónaí agus é ag déileáil le deontóirí.

Deontóirí

Ba cheart d'iontaobhaithe carthanais a chinntiú go ndéanfaidh an carthanas gach beart réasúnach chun caitheamh go cothrom le deontóirí, agus é ag cumasú dóibh cinntí eolacha a dhéanamh ar aon airgead a thabharfaidh siad. Áirítear leis sin aird a thabhairt ar na riachtanais atá ag aon deontóir féideartha a d'fhéadfadh bheith leochaileach nó a bhféadfadh, mar gheall ar a chúinsí féin, go mbeadh cúram breise nó tacaíocht bhreise ag teastáil uaidh chun cinneadh eolach a dhéanamh.

Ba cheart d'iontaobhaithe carthanais a chinntiú nach ndéanfaidh an carthanas ná a chruinnitheoirí airgid, ag aon am ar bith, dúshaothrú ar shaontacht aon deontóra, ar an easpa eolais atá aige, ar an ngá dealraitheach atá aige le cúram agus le tacaíocht ná ar a chúinsí leochaileacha. Má tá forais réasúnacha ann lena chreidiúint nach bhfuil cumas ag duine aonair cinneadh eolach a dhéanamh ar airgead a thabhairt, níor cheart glacadh le tabhartas ón duine sin. Má fhaightear airgead ó dhuine nach raibh cumas aige tráth an t-airgead a thabhairt, ba cheart an t-airgead sin a thabhairt ar ais.

Tabhartais

Ní mór d'iontaobhaithe carthanais a chinntiú:

- go ndéanfaidh an carthanas cur síos cruinn ar an gcuspóir atá le haon chruinniú airgid;
- gur ar mhaithe le cuspóir carthanúil an charthanais a úsáidfear tabhartais a gheofar;
- go gcloífidh le hiarraidh an deontóra i gcás go dtabharfar airgead chun críche sonraí.

Ba cheart d'iontaobhaithe a chinntiú: go mbeidh

- aitheantas sofheicthe ar chruinnitheoirí airgid, rud ar a mbeidh ainm an duine aonair atá ag gabháil do chruinniú airgid agus ainm, lógó agus sonraí teagmhála an charthanais agus a Uimhir Charthanais Chláraithe, ar a dtugtar "RCN" freisin;
- go gcuirfear deontóirí ar an eolas faoi stádas agus faoi údarás na ndaoine sin atá ag sireadh tabhartais charthanúla thar ceann an charthanais ionas gurb eol do dheontóirí cé acu atá na cruinnitheoirí airgid ina bhfostaithe de chuid an charthanais, ina ngníomhairí tríú páirtí nó ina n-oibrithe deonacha;
- gurb amhlaidh, i gcás go dtabharfaidh an carthanas cuireadh don phobal airgead a thabhairt do chúis shonrach, go mbeidh plean i bhfeidhm ag an gcarthanas le haghaidh aon easnamh nó aon bharrachas a láimhseáil agus go mbeidh sé in ann deontóirí a chur ar an eolas faoi sin;
- gurb amhlaidh, i gcás nach don chúis/don charthanas lena mbaineann a thabharfar na fáltais uile ó imeacht, go gcuirfear an méid sin in iúl go soiléir do dheontóirí;
- gurb amhlaidh, i gcás nach mbeidh sé beartaithe go seolfaí míreanna bailithe amhail éadaí nó míreanna eile go díreach chuig cliaint nó chuig tairbhithe an charthanais agus gurb amhlaidh, mar shampla, go ndéanfar iad a dhíol nó a athchúrsáil ina ionad sin, go gcuirfear an méid sin in iúl go soiléir do dheontóirí.

Cruinnitheoirí airgid tríú páirtí

Ba cheart d'iontaobhaithe a bheith cinnte de gurb amhlaidh, maidir le haon tabhartais a lorgófar go hindíreach – mar shampla, trí ghníomhairí tríú páirtí – go ndéanfar iad a shireadh agus a fháil i gcomhréir go hiomlán leis an dlí, le beartais chruinnithe airgid agus le nósanna imeachta cruinnithe airgid an charthanais féin agus leis na Treoirlínte seo.

Ba cheart cruinniú airgid ag gníomhairí tríú páirtí a bheith ina ábhar do chonradh i scríbhinn. Ba cheart d'iontaobhaithe a chinntiú go mbeidh an conradh soiléir agus go dtabharfar faisnéis shonrach ann faoi chostas an chruinnithe airgid, lena n-áirítear an céatadán de gach tabhartas carthanúil a thabharfar don chuspóir carthanúil lena mbaineann.

Tá sé de cheart ag deontóirí a bheith ag súil leis go bhfuil a mbronntanas á n-úsáid go príomha don chuspóir carthanúil lena mbaineann. Ní mór do charthanas gan dul isteach in aon chomhaontú a bhfuil sé i gceist leis gur mó an tairbhe phríobháideach a bhainfidh cruinnitheoirí airgid tríú páirtí as ná an tairbhe a bhainfidh an carthanas as.

Cruinnitheoirí airgid deonacha

Ba cheart d'iontaobhaithe a chinntiú go mbeidh beartas i bhfeidhm ag an gcarthanas le haghaidh aon ghníomhaíochtaí a bhaineann le hoibrithe deonacha, lena n-áirítear beartas maidir leis an dóigh a ndéanfar iad a chonrú agus a bhainistiú.[1]

Nós imeachta gearán agus aiseolais

Ba cheart d'iontaobhaithe a chinntiú go mbeidh nósanna imeachta soiléire trédhearcacha i bhfeidhm ag an gcarthanas chun páirtithe leasmhara a chumasú a ngearáin, a gceisteanna nó a dtuairimí a chur in iúl don charthanas. Ba cheart córais a bheith ann sna nósanna imeachta sin lena gcinnteofar go dtabharfar freagra pras ar gach gearán, agus go dtabharfaidh aghaidh orthu go pras, laistigh de thréimhse ama shonraithe.

Ba cheart don charthanas, ar an gcéad ásc, aghaidh a thabhairt go pras ar ghearáin ón bpobal nó ó dheontóirí. I gcás nach mbeidh an gearánach sásta leis an bhfreagairt tosaigh ón gcarthanas, ba cheart don charthanas faisnéis shoiléir a thabhairt dó faoin gcéad leibhéal eile den nós imeachta gearán, de réir mar is infheidhme.

I gcás nach mbeidh duine aonair sásta leis an dóigh ar dhéileáil an carthanas lena mbaineann lena ghearán, ba cheart é a chur ar an eolas faoin gceart atá aige ábhar imní a chur in iúl don Rialálaí Carthanas.

I gcás gurb amhlaidh, le linn scrúdú a dhéanamh ar aon ábhar, go dtiocfaidh faisnéis i seilbh iontaobhaí carthanais nó aon duine eile a ceapadh go cuí chun feidhmeanna iontaobhaí carthanais a chomhlíonadh arb í faoi deara don duine a theacht ar an tuairim go bhfuil forais réasúnacha lena chreidiúint go bhfuil cion faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001 déanta nó á dhéanamh, ní mór don duine an tuairim sin a chur in iúl i scríbhinn don Rialálaí Carthanas.

Oibleagáidí dlíthiúla

Ní mór do charthanais aird a thabhairt ar gach ceanglas dlíthiúil iomchuí – lena n-áirítear oibleagáidí faoin dlí carthanas, faoin dlí saothair, faoin dlí comhionannais agus faoin dlí cosanta sonraí, ach gan a bheith teoranta dóibh – agus ní mór dóibh na ceanglais sin a chomhlíonadh ina n-iomláine.

Tá sé de cheart ag deontóirí a bheith ag súil leis go bhfuil a mbronntanas á n-úsáid go príomha don chuspóir carthanúil lena mbaineann.

1 Acmhainn úsáideach ina leith sin is ea an foilseachán Managing Volunteers: A Good Practice Guide ón mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Tá sé ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Bhoird ag http://www.citizensinformationboard.ie/en/publications/voluntary_sector.html

5 Na Freagrachtaí atá ar Iontaobhaithe Carthanais

Is ar na hiontaobhaithe ar gach carthanas atá an fhreagracht deiridh as cloí leis na Treoirlínte seo.

Tá na hiontaobhaithe cuntasach do na tairbhithe, do na deontóirí, do na maoinitheoirí agus don phobal. Is é an t-aon aidhm amháin atá le cruinniú airgid ná tacú le misean foriomlán agus le cuspóir carthanúil foriomlán an charthanais. Mar sin féin, is féidir le sárú iontaoibhe ina leith sin damáiste suntasach a dhéanamh do cháil an charthanais lena mbaineann agus don cháil atá ar charthanais i gcoitinne.

Tá iontaobhaithe freagrach, mar sin, as a chinntiú go gcomhlíonfaidh a gcarthanas a ghealltanas chun cloí leis an dea-chleachtas ó thaobh cruinniú airgid de. I gcás go gcinnfidh iontaobhaithe bainistiú laethúil an chruinnithe airgid a tharmligean chuig fostaithe nó chuig tríú páirtithe – rud a tharlaíonn go minic – ba cheart córais éifeachtacha a bheith i bhfeidhm chun a chinntiú:

1. **go dtaifeadfar aon tarmligean go soiléir (mar shampla, i sainchuntais phoist na mball foirne, i sainchuntais róil na n-oibrithe deonacha nó i dtéarmaí tagartha na gcoistí) agus go dtuigfear agus go gcuirfear chun feidhme an tarmligean sin;**
2. **go seiceálfar go bhfuil an t-údarás tarmligthe á fheidhmiú i gceart;**
3. **go mbeidh nósanna imeachta soiléire tuairiscithe i bhfeidhm, lena n-áirítear treoir maidir le haon ábhair ar leith a thuairisceofar do na hiontaobhaithe;**
4. **go bhfaighidh iontaobhaithe tuarascálacha rialta lándoiciméadaithe ar ábhair chomhaontaithe, ar tuarascálacha iad a chuirfear i láthair ar bhealach sothuigthe agus so-úsáidte agus a chumasaíonn dóibh maoirseacht cheart a fheidhmiú;**
5. **go gcuirfidh an lucht bainistíochta agus an fhoireann na Treoirlínte chun feidhme agus go gcloífidh siad leo agus go láimhseálfar cruinniú airgid ar bhealach trédhearcach, éifeachtach agus éifeachtúil, ar aon dul le plean comhaontaithe;**
6. **go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm chun deontóirí, deontóirí féideartha agus an pobal a chumasú a gceisteanna, a dtuairimí nó a ngearáin a bhaineann le cruinniú airgid a chur in iúl don charthanas agus go mbeidh córais i bhfeidhm chun a chinntiú go dtabharfar freagra agus aghaidh ar gach aiseolas, go háirithe aon ghearán, laistigh de thréimhse ama shonraithe; agus**
7. **go ndéanfar an straitéis cruinnithe airgid agus oibríochtaí cruinnithe airgid a athbhreithniú agus a iniúchadh ar bhonn rialta.**

6 Na Freagrachtaí atá ar an Lucht Bainistíochta

Féadfaidh iontaobhaithe carthanais freagrachtaí áirithe a tharmligean chuig an lucht bainistíochta, lena n-áirítear an fhreagracht as feachtais chruinnithe airgid a eagrú nó a bhainistiú.

Maidir leo sin atá freagrach as feachtais chruinnithe airgid agus as gníomhaíochtaí cruinnithe airgid a eagrú agus a bhainistiú, tá raon freagrachtaí orthu maidir leis an ngealltanas do dheontóirí a chomhlíonadh.

Ba cheart Cairt Deontóirí an charthanais a chur in iúl do gach cruinnitheoir airgid, is cuma cé acu atá siad ina n-oibrithe deonacha, ina n-oibrithe íoctha nó ina ngníomhairí tríú páirtí.

I gcás go n-eagrófar imeachtaí in ainm an charthanais ach nach mbeidh an carthanas ar an eolas fúthu ach amháin tar éis an ghnímh, ba cheart don charthanas obair leis an gcruinnitheoir airgid lena mbaineann chun a chinntiú go mbeidh an cruinnitheoir airgid ar an eolas faoi na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo ionas gur féidir leis a chinntiú go gcomhlíonfar na caighdeáin sin in aon imeachtaí amach anseo.

I gcás go mbeidh an lucht bainistíochta freagrach as cruinniú airgid ag carthanas, ba cheart dó a chinntiú:

1. Go gcuirfear maoinitheoirí, soláthraithe agus conraitheoirí ar an eolas faoi na Treoirlínte agus go gcloífidh siad leo le linn dóibh obair cruinnithe airgid a dhéanamh don charthanas; go mbeidh conradh cuí ag gach cruinnitheoir airgid íoctha, lena n-áirítear clásal lena ndeimhnítear comhlíonadh na dTreoirlínte agus na gceanglas dlíthiúil iomchuí a bhaineann le cruinniú airgid;
2. Gurb amhlaidh, i gcás go n-íocfar le cruinnitheoirí airgid, nach mbeidh na híocaíochtaí iomarcach agus nach dóigh, mar thoradh ar na híocaíochtaí, go gcuirfear brú míchuí ar an bpobal airgead a thabhairt, agus go gcuirfear an carthanas ar an eolas faoi cé acu atá nó nach bhfuil íocaíochtaí le cruinnitheoirí airgid bainteach le feidhmíocht an chruinnitheora airgid;
3. Go mbeidh oiliúint agus tacaíocht chuí i bhfeidhm chun cruinnitheoirí airgid a chumasú a ról a chomhlíonadh go héifeachtach, ar bhealach oscailte, macánta agus measúil agus i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla is infheidhme;
4. Gurb amhlaidh, a mhéid is indéanta le réasún, nach gcuirfear cruinnitheoirí airgid faoi réir rioscaí dá sláinte agus dá sábháilteacht;
5. Go mbeidh seiceálacha i bhfeidhm maidir le hoiriúnacht cruinnitheoirí airgid d'airgead a chruinniú thar ceann an charthanais agus maidir leis na dintiúir atá acu chun déanamh amhlaidh;
6. Go mbeidh cruinnitheoirí airgid ar an eolas faoi chuspóir carthanúil an charthanais agus faoi na hiarrachtaí sonracha cruinnithe airgid ina bhfuil siad páirteach agus go mbeidh siad in ann na nithe sin a chur in iúl;
7. Go mbeidh cruinnitheoirí airgid ar an eolas gur cheart dóibh a nochtadh cé acu atá siad ina bhfostaithe de chuid an charthanais nó ina ngníomhairí tríú páirtí;
8. Go soláthróidh cruinnitheoirí airgid faisnéis shoiléir leordhóthanach i scríbhinn nó ó bhéal do dheontóirí agus don phobal maidir leis an gcineál teagmhála leantaí ar féidir leo a bheith ag súil léi ón gcarthanas, amhail glaonna teileafóin, teachtaireachtaí téacs agus minicíocht na gcumarsáidí beartaithe;
9. Nach mbeidh faisnéis atá míthreorach nó débhríoch ann in aon chumarsáidí cruinnithe airgid ón gcarthanas;
10. Go gcuirfear nósanna imeachta chun feidhme agus go mbeidh coimircí i bhfeidhm chun a chinntiú, a mhéid is féidir, go mbeifear an-chúramach agus airgead á shireadh ó dhaoine a d'fhéadfaí a mheas a bheith leochaileach, lena n-áirítear mionaoisigh;
11. Go mbeidh cead ón nGarda Síochána ag gach bailiúchán poiblí nó, i gcás nach mbeidh cead ag teastáil, go mbeidh cead faighte ón údarás áitiúil iomchuí nó ó údarás eile (le haghaidh bailiúchán ar thailte eaglaise, mar shampla).

7 Na Freagrachtaí atá ar Chruinnitheoirí Airgid

Ba cheart do gach carthanas a chinntiú go mbeidh a gcruinnitheoirí airgid (oibrithe deonacha, oibrithe íoctha nó gníomhairí tríú páirtí) measúil, macánta agus trédhearcach, agus go gcomhlíonfaidh siad gach ceanglas dlíthiúil is infheidhme, le linn dóibh gabháil do ghníomhaíochtaí cruinnithe airgid thar ceann an charthanais.

Ní mór a léiriú i ngach cás cé acu atá na gníomhaíochtaí cruinnithe airgid dírithe ar an gcarthanas i gcoitinne nó ar chríoch shonrach. Ní mór do charthanais a chinntiú nach dtabharfar le fios in ábhair chruinnithe airgid gur chun críche srianta (amhail cúnamh a thabhairt do dhuine nó d'ainmhí ar leith) a úsáidfear an t-airgead a chruinneofar i gcás go bhféadfadh go n-úsáidfí an t-airgead chun críocha difriúla nó le haghaidh cistí ginearálta.

Níor cheart gníomhaíochtaí cruinnithe airgid a chur i gcrích ar bhealach a chuireann isteach go míréasúnach ar phríobháideacht duine, atá tuineanta go míréasúnach nó a chuireann brú míchuí ar dhuine airgead a thabhairt.

Ní ceadmhach aon fhaisnéis a gheofar faoi rún mar chuid den phróiseas cruinnithe airgid a nochtadh gan toiliú eolach sainráite a fháil roimh ré ón deontóir.

Maidir le gach cruinnitheoir airgid:

1. **ba cheart dóibh bheith iontaofa, iad féin a iompar ar bhealach ionraic agus macánta i ngach cás agus gníomhú go hoscailte agus ar bhealach a chinntíonn nach gcuirfear deontóirí ar míthreoir;**
2. **ba cheart dóibh a chinntiú go gcuirfidh a ngníomhartha le cuspóir carthanúil agus le cáil an charthanais dá ndéanann siad ionadaíocht;**
3. **ba cheart dóibh a nochtadh cé acu atá siad ina bhfostaithe de chuid an charthanais nó ina ngníomhairí tríú páirtí;**
4. **ba cheart dóibh bheith in ann a rá cén chríoch ar chuici a úsáidfear na cistí atá á mbailiú;**
5. **ba cheart dóibh eolas ginearálta a bheith acu ar aidhmeanna agus ar chuspóirí an charthanais agus bheith in ann deontóirí a chur ar an eolas faoi cén áit ar féidir leo faisnéis bhreise a fháil;**
6. **níor cheart dóibh faisnéis atá bréagach nó míthreorach a scaipeadh go feasach nó go meargánta le linn dóibh a ndualgais ghairmiúla a chomhlíonadh agus níor cheart dóibh ligean do dhaoine eile é sin a dhéanamh;**
7. **níor cheart dóibh cur isteach go míréasúnach ar phríobháideacht na ndaoine óna bhfuil tabhartais á sireadh;**
8. **níor cheart dóibh tathant go tuineanta míréasúnach ar dhaoine airgead a thabhairt don charthanas lena mbaineann;**
9. **níor cheart dóibh gníomhú ar bhealach atá neamhréir leis na Treoirlínte seo agus níor cheart dóibh cur faoi deara do dhaoine eile ná ligean do dhaoine eile é sin a dhéanamh;**
10. **níor cheart dóibh dúshaothrú a dhéanamh ar aon chaidreamh le deontóir, le hoibrí deonach nó le fostaí chun tairbhe pearsanta ná mí-úsáid a bhaint as a ról chun tairbhe pearsanta; agus**
11. **ba cheart dóibh gach ceanglas dlíthiúil a chomhlíonadh a bhaineann lena ngníomhaíochtaí agus a mholadh go gcloífí leis na ceanglais sin laistigh den eagraíocht a fhostaíonn iad nó dá ndéanann siad obair dheonach.**

8 Cosaint Sonraí

Ní mór do charthanas nósanna imeachta cuí a leanúint le linn dó sonraí pearsanta ó dhaoine aonair a láimhseáil agus a phróiseáil.

Ní mór gach sonra pearsanta a bhailiú go cothrom agus go dlíthiúil agus is mar fhaisnéis rúnda a chaithfear le faisnéis lenar féidir duine aonair amháin nó níos mó a shainaithint nó le faisnéis ar féidir duine amháin nó níos mó a chur ina leith.

Ní mór do charthanas gach ceanglas dlíthiúil a chomhlíonadh maidir leis an reachtaíocht cosanta sonraí. Tá an Rialálaí Carthanas ag súil leis freisin go gcloífidh carthanais le treoir ábhartha arna heisiúint ag an *gCoimisinéir Cosanta Sonraí, go háirithe na Treoirlínte maidir le Cosaint Sonraí san Earnáil Charthanais agus Dheonach*[2], agus le treoir a bhaineann le margaíocht dhíreach agus idirghníomhach, lena n-áirítear post díreach, ríomhphost, teileamhargaíocht, margaíocht sna meáin dhigiteacha agus shóisialta, teachtaireachtaí téacs SMS, etc. Ba cheart do charthanas meas a thabhairt ar na sainroghanna atá luaite ag deontóirí maidir le teagmháil ón gcarthanas agus ba cheart dó deontóirí a éascú na sainroghanna sin a chur in iúl.

I gcás go mbeidh gnólacht nó gníomhaire tríú páirtí fostaithe ag carthanas chun airgead a chruinniú, beidh sé de cheart ag an bpobal talamh slán a dhéanamh go réasúnach de gur i seilbh an charthanais, agus ní i seilbh an tríú páirtí, a bheidh aon sonraí a sholáthróidh siad.

Ní mór do charthanas gach ceanglas dlíthiúil a chomhlíonadh maidir leis an reachtaíocht cosanta sonraí.

2 Cosaint Sonraí san Earnáil Charthanais agus Dheonach (Márta 2014) https://www.dataprotection.ie/docimages/CharityMarch14%201.pdf

Ní mór gach faisnéis ábhartha a bhailiú agus a stóráil i gcomhréir leis na Treoirlínte arna n-eisiúint ag Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

1. Ní mór faisnéis a bhailiú go cothrom agus ní mór fógra leordhóthanach a thabhairt do gach deontóir faoin dóigh a bpróiseálfar a sonraí pearsanta;
2. I gcás go mbeidh faisnéis faoi dhaoine i seilbh carthanais agus gur mian leis an fhaisnéis sin a úsáid chun críche nua, beidh oibleagáid ar an gcarthanas rogha a thabhairt do na daoine lena mbaineann a chur in iúl cé acu is mian nó nach mian leo go n-úsáidfí a bhfaisnéis chun na críche nua;
3. Ní lorgóidh carthanais ach an t-íosmhéid sonraí pearsanta a theastaíonn;
4. Tá sé ina shárú ar na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, uimhir phearsanta seirbhíse poiblí na ndeontóirí a choinneáil, ach amháin i gcás tabhartas lena mbaineann faoiseamh cánach;
5. Ba cheart do charthanais beartas cuimsitheach coimeádta a chur chun feidhme do gach taifead ina bhfuil sonraí pearsanta deontóirí, tairbhithe, feachtasóirí cláraithe, etc.;
6. Ba cheart gach sainrogha mhargaíochta a thaifeadadh go cruinn agus ba cheart meas a thabhairt orthu;
7. Ba cheart do gach carthanas beartas slándála agus sraith nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm aige ina bpléitear go sainráite leis na gnéithe slándála d'aon sonraí pearsanta atá á mbailiú, á n-aistriú nó á sealbhú ag an gcarthanas nó leis na gnéithe slándála d'aon sonraí pearsanta atá á nochtadh do thríú páirtithe, agus ba cheart dó a chinntiú go mbeidh bearta slándála cuí i bhfeidhm aige;
8. Ba cheart do gach carthanas a chinntiú go gcuirfear deontóirí, cliaint, úsáideoirí seirbhíse agus fostaithe ar an eolas go soiléir faoi na cearta atá acu faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí chun rochtain a fháil ar chóip dá sonraí pearsanta;
9. Ba cheart do gach carthanas Beartas Príobháideachta Cosanta Sonraí agus Ráiteas Cosanta Sonraí ar leithligh a dhréachtú dá shuíomh Gréasáin.

Is féidir tuilleadh faisnéise faoi na freagrachtaí atá ar charthanais mar rialaitheoirí sonraí a fháil ar shuíomh Gréasáin an Choimisinéara Cosanta Sonraí ag www.dataprotection.ie.

An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Tiocfaidh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, ar a dtugtar "GDPR" de ghnáth, i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018. Neartófar leis an Rialachán na cearta atá ag daoine aonair san Eoraip.

Chomh maith leis sin, tabharfar isteach leis an Rialachán athruithe suntasacha i réimse an dlí cosanta sonraí trí mhéadú a dhéanamh ar na hoibleagáidí agus ar na freagrachtaí atá ar eagraíochtaí maidir leis an dóigh a ndéanann siad sonraí pearsanta a bhailiú, a úsáid agus a chosaint. Is an-ábhartha do charthanais atá cuid mhór de na ceanglais nua a bhaineann le cruinniú airgid, áit a bhféadfaí sonraí pearsanta a bhailiú ó dheontóirí mar chuid de ghníomhaíochtaí den sórt sin.

Áirítear le príomhcheanglais an Rialacháin an ceanglas a chuirfear ar eagraíochtaí – carthanais ina measc – bheith trédhearcach go hiomlán faoin dóigh a ndéanann siad sonraí pearsanta a úsáid agus a chosaint agus an ceanglas a chuirfear ar eagraíochtaí cuntasacht a thaispeáint as a ngníomhaíochtaí próiseála sonraí.

Ba cheart d'iontaobhaithe carthanais a chinntiú go dtuigfidh siad na rialacha nua ina leith sin agus go mbeidh siad ullamh dóibh.

Is féidir faisnéis faoin Rialachán agus faoin difear a dhéanfar leis do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí a fháil ar mhicreashuíomh an Choimisinéara Cosanta Sonraí: www.gdprandyou.ie

9 Trédhearcacht agus Cuntasacht Airgeadais

Gné lárnach de thrédhearcacht is ea cuntasacht airgeadais, agus tá tábhacht ar leith ag baint léi maidir le cruinniú airgid ag carthanais.

Rialuithe airgeadais

Ba cheart d'iontaobhaithe a chinntiú:

- **Go gcoimeádfaidh an carthanas leabhair chuntais chuí, ina ndéanfar idirbhearta a thaifeadadh agus a mhíniú i gceart;**
- **Go mbeidh nósanna imeachta um rialú inmheánach airgeadais i bhfeidhm chun a chinntiú go n-úsáidfear cistí go héifeachtach agus chun laghdú a dhéanamh ar an mbaol go mbainfear mí-úsáid astu;**
- **Go dtabharfaidh an carthanas tuairisc don Rialálaí Carthanas gach bliain.**

Ba cheart do charthanais bheith in ann lánchuntas airgeadais a thabhairt ar gach imeacht cruinnithe airgid aonair. Áirítear leis sin suim chomhlán an airgid a cruinníodh, na costais ghaolmhara chruinnithe airgid agus faisnéis faoin gcuspóir carthanúil nó faoin gciste carthanúil ar ar leithdháileadh na fáltais ón imeacht.

D'fhoilsigh an Rialálaí Carthanas Treoirlínte ar leith do Charthanais maidir le Rialuithe Inmheánacha Airgeadais (atá ar fáil ar ár suíomh Gréasáin). Tugtar sna Treoirlínte sin treoir phraiticiúil maidir leis na príomhréimsí rialaithe airgeadais do charthanais, is iad sin: ioncam; caiteachas; baincéireacht (lena n-áirítear íocaíochtaí agus iasachtaí); sócmhainní agus infheistíochtaí; agus socruithe faireacháin. Áirítear iontu roinnt seicliostaí is féidir le carthanais a úsáid chun a chinntiú go mbeidh na rialuithe cuí i bhfeidhm acu. Táthar ag súil leis go leanfaidh carthanais an dea-chleachtas atá leagtha amach sna Treoirlínte sin.

Ba cheart do gach carthanas na nósanna imeachta seo a leanas a leanúint ar a laghad:

1. Ba cheart do bheirt neamhghaolmhara ar a laghad airgead tirim a chomhaireamh agus a thaifeadadh agus, nuair is féidir, ba cheart dóibh déanamh amhlaidh in áit shlán;
2. Ba cheart airgead tirim agus seiceanna a chur sa bhanc a luaithe is féidir. Ba cheart do charthanais nós imeachta a bheith i bhfeidhm acu maidir le tabhartais a chur sa bhanc, áit a sainaithneofar cé a chuirfidh tabhartais sa bhanc agus cén uair a dhéanfaidh siad amhlaidh. Mura gcuirtear airgead tirim sa bhanc láithreach, ba cheart é a choinneáil in áit shlán. Níor cheart airgead tirim a fhágáil gan duine ina fheighil in aon chás;
3. Ba cheart airgead tirim a cuireadh sa bhanc agus achoimrí ioncaim a réiteach a luaithe is féidir. Nuair is féidir, ba cheart do dhuine nach raibh baint aige leis an airgead tirim a chomhaireamh agus a chur sa bhanc an méid sin a dhéanamh;
4. Ba cheart taifid a choinneáil ar thabhartais a tugadh chun críocha sonracha (mar shampla, achainíocha nó tionscadail áirithe) chun a chinntiú go gcomhlíonfar téarmaí na dtabhartas. Ní mór do charthanais a chinntiú gur chun tacú leis na críocha sin a úsáidfear tabhartais ar glacadh leo, i gcomhréir leis na coinníollacha atá ag gabháil leis an tabhartas;
5. I gcás go bhfaighidh carthanas cistí atá teoranta do chríocha nó do thionscadail áirithe agus nach dóigh go mbeidh an carthanas in ann na cistí a úsáid chun na críche nó chun an tionscadail sin laistigh de thréimhse ama réasúnach, ba cheart don charthanas, ag gníomhú dó i gcomhairle leis an Rialálaí Carthanas, na cistí sin a leithdháileadh ar chríoch atá chomh gar agus is féidir don chríoch bheartaithe bhunaidh. Nuair is féidir, ba cheart an t-athrú sin a chur in iúl don deontóir/do na deontóirí lena mbaineann;
6. Ba cheart gach ciste a úsáid ar bhealach réasúnach stuama chun leas an charthanais. Is é atá i gceist leis sin a chinntiú go mbeidh luach saothair cruinnitheoirí airgid comhréireach leis an tairbhe a bhfuiltear ag súil go réasúnach léi. Níor cheart íocaíochtaí le cruinnitheoirí airgid bheith iomarcach;
7. Ba cheart do charthanais a chur in iúl go soiléir do gach oibrí deonach nach mór d'aon duine atá ag cruinniú airgid a chinntiú go bhfaighidh an carthanas an t-airgead sin ar fad. Níor cheart ach speansais as a bpóca féin a aisíoc le hoibrithe deonacha, ar bhonn na n-admhálacha a soláthraíodh;
8. Ba cheart do charthanais cultúr neamhfhulaingthe a chur chun feidhme i dtaobh na gadaíochta nó na calaoise agus ba cheart do charthanas aon drochamhras ina leith sin a thuairisciú láithreach don Gharda Síochána.

10 Faireachán

Tá na Treoirlínte seo á n-eisiúint ag an Rialálaí Carthanas de bhun alt 14(1)(i) den Acht Carthanas 2009.

Is é an phríomhaidhm atá leo feabhas ar riaradh agus bainistiú cruinnithe airgid charthanúil ón bpobal a spreagadh agus a éascú.

Tá cur chuige faireacháin an Rialálaí Carthanas bunaithe go príomha ar fhorálacha an Achta Carthanas 2009. Leagtar leis na forálacha sin dualgais shonracha agus ghinearálta ar gach carthanas agus ar a iontaobhaithe. Tugtar leo freisin cumhachtaí don Rialálaí Carthanas carthanais a chlárú agus a imscrúdú, faireachán a dhéanamh orthu agus smachtbhannaí a fhorchur orthu, de réir mar is cuí.

Déanaimid faireachán ar charthanais trí:

- scrúdú a dhéanamh ar fhaisnéis a cheanglaítear ar an gcarthanas a thabhairt don Rialálaí gach bliain. Áirítear leis sin leabhair chuntais chuí a sholáthar, ar leabhair iad a cheanglaítear le dlí ar gach carthanas a choimeád;
- scrúdú a dhéanamh ar fhaisnéis a thugann an Rialálaí Carthanas treoir don charthanas nó dá iontaobhaithe a thabhairt;
- breithniú a dhéanamh ar ábhair imní a fuarthas ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara. Féadfaidh aon duine den phobal nó aon pháirtí leasmhar ábhar imní a chur in iúl don Rialálaí i gcás go mbeidh fianaise aige nár chomhlíon carthanas an tAcht Carthanas nó nach bhfuil carthanas ag comhlíonadh an Achta. Is féidir beartas an Rialálaí Carthanas maidir le hábhar imní a chur in iúl a fháil ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanas; agus
- cuairteanna suímh agus imscrúduithe foirmiúla a sheoladh nuair is gá.

Bailiúcháin Airgid Thirim

Tá an Garda Síochána freagrach as a chinntiú go gcomhlíonfaidh gach duine, lena n-áirítear carthanais, an tAcht um Bailiúcháin Sráide agus ó Theach go Teach, 1962.

Má chreideann duine go ndearnadh sárú ar an Acht um Bailiúcháin Sráide agus ó Theach go Teach, 1962, ba cheart dó an t-ábhar a thuairisciú don Gharda Síochána.

Faoi alt 28 den Acht Carthanas 2009, cuirtear oibleagáid ar an Rialálaí Carthanas aon fhaisnéis a gheobhaidh sé i gcomhlíonadh a fheidhmeanna agus a thabharfaidh cúis dó drochamhras a bheith air go ndearna iontaobhaí carthanais nó eagraíocht charthanúil cion, cuirtear oibleagáid air an fhaisnéis sin a thabhairt don Gharda Síochána.

Aguisín:

Pointí Tagartha Úsáideacha

Eagraíochtaí

An Rialálaí Carthanas
www.charitiesregulator.ie

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
www.revenue.ie

An tAcht Carthanas 2009
www.irishstatutebook.ie

An Garda Síochána
www.garda.ie

An Oifig um Chlárú Cuideachtaí
www.cro.ie

An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach
www.odce.ie

An Coimisinéir Cosanta Sonraí
www.dataprotection.ie

Institiúid Carthanas Éireann
www.charitiesinstituteireland.ie

The Wheel
www.wheel.ie

Dochas
www.dochas.ie

Uimhir Thagartha an Doiciméid CE GLS 8.2.1 003 Rev 000

An Rialálaí Carthanas
3 Duga Sheoirse
An Lárionad Seirbhísí Airgeadais
Idirnáisiúnta
Baile Átha Cliath 1
D01 X5X0
Teileafón: 01 633 1500

www.charitiesregulator.ie

© An Rialálaí Carthanas 2017